**Radon Advice**

Radon is a radioactive gas that comes from the decay of uranium which is present in all rocks and soils. It has no colour, taste or smell and can only be measured using special detectors. Outdoors, radon is not a problem as it quickly dilutes to harmless concentrations. However, when it enters an enclosed space, such as a house or other building, it can sometimes accumulate to unacceptably high levels.

Radon decays to form tiny radioactive particles that when inhaled, can result in a radiation dose which may damage cells in the lung and increase the risk of lung cancer. In Ireland about 350 cases of lung cancer are linked to radon each year.

Homes in some parts of Ireland are more likely to have a radon problem. These are called high radon areas. **The EPA's updated radon risk map** will tell you if your home is in a High Radon Area. High Radon Areas are shown in red.

Radon is easy to test for and it is easy to reduce the levels of radon in your home. The National reference level for radon in homes is 200 becquerels per cubic metre (Bq/m3). Ideally all homes should have radon levels below this value. If radon test shows radon concentrations above this value, then remediation measures to reduce the radon levels are recommended.

By law (Article 66 of Statutory Instrument No.30 2019) employers located in high radon areas are required to test their premises for radon. The acceptable level, or Reference Level, for workplaces in Ireland is 300 Bq/m3. If following a radon measurement, radon concentrations above this value are found, remediation measures to reduce the radon levels are required and must be completed within 12 months. Check if your workplace is in a high radon area on our **Radon in Workplaces map**.

Learn More

Website: www.radon.ie

Freephone: 1800 300 600

Email: radon@epa.ie

Comhairle faoin Radón

Is gás radaighníomhach é an radón a thagann ó mheath an úráiniam, rud atá i ngach carraig agus i ngach ithir. Níl dath, blas ná boladh ar an radón agus ní féidir é a thomhas ach le brathadóirí speisialta. Amuigh faoin aer, ní fadhb é an radón mar go gcaolaíonn sé go tapa go tiúchaintí neamhdhíobhálacha. Mar sin féin, nuair a théann sé isteach i spás iata, amhail teach nó foirgneamh eile, d'fhéadfadh sé carnadh go leibhéil chomh hard sin nach bhféadfaí glacadh leo.

Meathann an radón isteach ina cháithníní radaighníomhacha beaga bídeacha. Nuair a análaítear na cáithníní sin, is féidir leis an dáileog radaíochta atá iontu damáiste a dhéanamh do na cealla sna scamhóga agus an baol ailse scamhóg a mhéadú. In Éirinn, tá an radón ina chúis le thart ar 350 cás d'ailse scamhóg in aghaidh na bliana, deirtear.

Is mó seans go bhfuil fadhb radóin ag tithe i gceantair áirithe in Éirinn. Tugtar ceantair ard-radóin ar na ceantair sin. Léireoidh léarscáil riosca nuashonraithe radóin an GCC duit má tá do theach i gCeantar Ard-Radóin. Tá dath dearg ar na Ceantair Ard-Radóin.

Is furasta tástáil a dhéanamh le haghaidh an radóin agus is furasta leibhéil an radóin i do theach cónaithe a laghdú. Is é Leibhéal tagartha náisiúnta an radóin i dtithe ná 200 beicireil in aghaidh an mhéadair chiúbaigh (Bq/m3). Go hidéalach, ba chóir go mbeadh leibhéil an radóin i ngach teach faoi bhun an luacha sin. Má léiríonn tástáil radóin tiúchan radóin os cionn an luacha sin, moltar bearta feabhsúcháin chun leibhéil an radóin a laghdú.

De réir an dlí (Airteagal 66 d'Ionstraim Reachtúil Uimh. 30 2019) ceanglaítear ar fhostóirí atá lonnaithe i gceantair ard-radóin a n-áitreabh a thástáil le haghaidh an radóin. Is é 200 Bq/m3 an leibhéal inghlactha, nó an Leibhéal Tagartha, d'ionaid oibre in Éirinn. Má aimsítear tiúchaintí radóin os cionn an luacha sin tar éis tomhais radóin, is gá bearta feabhsúcháin a dhéanamh chun leibhéil an radóin a laghdú agus ní mór na bearta sin iad a chríochnú laistigh de 12 mhí. Seiceáil an bhfuil d'ionad oibre i gceantair ard-radóin ar ár léarscáil "Radón in Ionaid Oibre".

Tuilleadh faisnéise

Suíomh gréasáin: www.radon.ie

Saorghlao: 1800 300 600

Ríomhphost radon@epa.ie.